6. Sráidbhailte

Tá ról an-tábhachtach ag sráidbhailte agus clachain bheaga an Chontae, mar láithreacha seirbhísí don daonra mór tuaithe, mar ionaid lóistín agus taitneamhachta do thurasóirí agus chun carachtar ar leith Dhún na nGall a dheimhniú.

Le forbairt cheart agus oiriúnach a dhéanamh ar shráidbhailte an Chontae, beidh an treoir seo a leanas d'fhorbairt úr i bhfeidhm laistigh de shráidbhailte -

- Beidh tosaíocht a thabhairt don dearadh i bhforbairtí ins na sráidbhailte agus ins na clacháin le cinntiú nach loitfear carachtar an tsráidbhaile.

- Beidh cúram faoi leith ag teastáil le caighdeán ailtireachta, oidhreachta agus timpeallachta na sráidbhailte a chaomhnú.

- Os rud é gur sráidbhailte tuaithe formhór de shráidbhailte Dhún na nGall, caithfidh forbairt sna sráidbhailte seo meas a léiriú do thírdhreach na háite, agus cur leis agus blas na tuaithe a bheith léirithe i ndearadh, i leagan amach agus i sonraí na bhfoirgneamh. (Féach Treoraí do Dhearadh Tuaithe, Cuid 9 le heolas oiriúnach a fháil)

- Déanfar caomhnú ar áiteanna agus ar ghnéithe áitiúla suimiúla, timpeallachta, cultúrtha, stairiúla, seandálaíochta, oidhreachta agus rl. le féiniúlacht na háite a choimeád.

- **D'fhéadfaí** forbairtí ar dhlús íseal a chur san áireamh i gcásanna teoranta, le bheith mar mhalairt ar sholáthar tithe aonaracha tuaithe. Beidh foirfeacht i ndearadh agus i leagan amach riachtanach.

Beidh na polasaithe ábhartha atá sa Treoraí thuas i bhfeidhm.